2026/2504

13.11.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2504 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Samhain 2026

lena gcuirtear ar ceal an t-údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh aonair 'Sterillium liquid' i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1867 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 49 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Meán Fómhair 2025, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1867 ón gCoimisiún deonaíodh údarú Aontais ([2]) ag a raibh an uimhir údaraithe EU-0033788-0000 do shealbhóir an údaraithe BODE Chemie GmbH chun an táirge bithicídeach singil céanna ina bhfuil Própán-1-ól agus Própán-2-ól 'Sterillium liquid' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 44(5), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(2) An 19 Meitheamh 2026 chuir BODE Chemie GmbH iarraidh faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') maidir leis an údarú Aontais sin a chur ar ceal i gcomhréir le hAirteagal 49 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Rinneadh taifead den iarraidh faoi chás-uimhir BC-QX119221-18 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha.

(3) An 23 Meitheamh 2026 bhí réasúnú ar an iarraidh ar chealú curtha isteach ag BODE Chemie GmbH, inar luaigh sé go raibh cinneadh déanta aige deireadh a chur le táirgeadh 'Sterillium liquid' ar bhonn breithnithe tráchtála.

(4) An 24 Meitheamh 2026 chuir an Ghníomhaireacht an iarraidh réasúnaithe ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

(5) Dá bhrí sin, is iomchuí an t-údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil 'Sterillium liquid' a chur ar ceal arna iarraidh sin do shealbhóir an údaraithe agus, dá réir sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1867 a aisghairm.

(6) Is iomchuí freisin tréimhse chairde a dheonú chun stoic 'Sterillium liquid' atá ann cheana a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 52 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear ar ceal an t-údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh aonair 'Sterillium liquid' a deonaíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1867 do BODE Chemie GmbH agus a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0033788-0000 aige.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1867 ón gCoimisiún an 10 Meán Fómhair 2025 lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil Sterillium liquid i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2025/1867, 15.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1867/oj).

Airteagal 2

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1867.

Airteagal 3

Ní chuirfear an táirge bithicídeach 'Sterillium liquid' ar fáil ar an margadh a thuilleadh ón 3 Meitheamh 2027 agus ní úsáidfear a thuilleadh stoic atá ann cheana den táirge bithicídeach sin ón 3 Nollaig 2027.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN